C/2024/4052

12.7.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An daonlathas a chosaint ar an mbréagaisnéis

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/4052)

Rapóirtéirí: **John COMER**

Carlos Manuel TRINDADE

Comhairleoirí	Frank ALLEN (thar ceann John COMER) Paulo PENA (thar ceann Carlos Manuel TRINDADE)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	13.12.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
Rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	4.4.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	24.4.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	587
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	161/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Sa tuairim seo, tá sé á chur in iúl ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur ábhar imní dó líon na bhfeachtas bréagaisnéise ar fud an Aontais Eorpaigh roimh thoghcháin 2024 agus a fhorleithne atá siad. Tagann sí sna sála ar thuairim a d'eisigh sé roimhe seo maidir leis an bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise ([1]) ([2]).

1.2. Iarrann CESE ar na hinstitiúidí Eorpacha machnamh a dhéanamh gan a thuilleadh moille ar na tosca a fhágann gur féidir leis an mbréagaisnéis agus leis an mífhaisnéis, go fóill féin, an tsaorchaint phoiblí a chur i mbaol agus díospóireacht dheighilte a chothú ina bhfuil forlámhas ag an bhfuath ar fhaisnéis fhíorasach.

1.3. Tá CESE á mholadh go dtabharfadh an Coimisiún Eorpach, an Chomhairle agus na Ballstáit faoi straitéis ilfhachtóra lena ndéanfaí an méid seo a leanas: na bearta uile a rinneadh roimhe seo chun an bhréagaisnéis a chomhrac a threisiú; rialacháin chun cosc a chur ar úsáid ardán digiteach trí chéannachtaí bréagacha eagraithe a neartú; ligean do shaoránaigh an chaoi a n-úsáideann siad na meáin shóisialta agus ardáin dhigiteacha a roghnú gan bheith thíos le modhanna 'caipitleachais faireachais' ([3]); agus gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh chun an cháilíocht agus an t-iolrachas a bhíonn ag teastáil san iriseoireacht a áirithiú, rud is gá a bheith ar an gcéad líne cosanta i gcoinne na bréagaisnéise.

1.4. Na modhanna teicneolaíochta uile is gá chun an bhréagaisnéis a chomhrac, is ann dóibh cheana. Mar sin, tá straitéis dhea-fhorbartha ag teastáil ina n-áireofaí na contúirtí éagsúla ar fad atá romhainn ar líne, ina measc, an bhréagaisnéis, bagairtí hibrideacha agus an chibearshlándáil. Ní mór lánurraim a thabhairt sa straitéis sin dár mbunluachanna daonlathacha, amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Níor cheart tús áite a thabhairt do leasanna príobháideacha ar leasanna poiblí.

([1]) IO C 228, 5.7.2019, lch 89.
([2]) IO C 152, 6.4.2022, lch 72.
([3]) Zuboff, Shoshana *The Age of Surveillance Capitalism – The fight for a human future at the new border of power* Profile Books Ltd, 2019.

1.5. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach a ráthú go mbeidh faisnéis ar fáil gan beann ar ghéarchéim na samhla gnó atá ag bagairt ar na meáin. Léirítear sna staidéar ar fad go bhfuil fadhb ag an Eoraip maidir le hiolrachas sna meáin ([4]). Mar an gcéad chéim riachtanach chun a ráthú nach bhfuil an t-iolrachas ag brath ar rialacha dochta an mhargaidh, is gá an iriseoireacht a aicmiú mar leas poiblí Eorpach, mar a mhol UNESCO ([5]). Rud bunriachtanach is ea saoirse eagarthóireachta na n-iriseoirí, sin agus a sábháilteacht agus a rochtain ar fhoinsí faisnéise.

1.6. Iarrann CESE, tar éis staidéar críochnúil a dhéanamh ar bheartais phoiblí maidir le maoiniú na meán, go ndéanfaí gníomhaíocht reachtach lena ráthófaí córas meán seirbhíse poiblí atá neamhspleách agus á chistiú go leordhóthanach. Ní mór cearta na meán neamhspleách a chosaint freisin chun an t-iolrachas a áirithiú.

1.7. Molann sé don Choimisiún, i ndáil leis an méid sin, machnamh a dhéanamh ar chainéal nuachta Eorpach, a bheadh ar fáil ar ardáin éagsúla agus i ngach teanga náisiúnta, lena ngabhfadh tiomantas láidir eagarthóireachta agus trína mbeadh teacht ag saoránaigh uile na hEorpa ar an bhfaisnéis atá de dhíth orthu ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh.

1.8. Iarrann CESE air freisin plean a fhorbairt lena n-áirithítear cáilíocht na faisnéise áitiúla agus réigiúnaí.

1.9. Tá sé á mholadh go nglacfaí ionstraimí lena gcothaítear comhar idir na meáin nuachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip.

1.10. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht na rialachán reatha atá á gcur i bhfeidhm ar na meáin shóisialta agus ar ardáin dhigiteacha maidir leis an mbréagaisnéis agus an ghníomhaíocht reachtach is gá a dhéanamh chun féachaint chuige go mbeidh sí éifeachtach.

1.11. Is é barúil CESE gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le fógraí spriocdhírithe, agus tuilleadh cosanta a iarraidh ag an am céanna maidir le bailiú sonraí aonair. Sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí, ní mór aghaidh a thabhairt ar bhailiú sonraí pearsanta ag na meáin shóisialta agus ag ardáin dhigiteacha, rud a tharlaíonn gan toiliú feasach na n-úsáideoirí in go leor cásanna.

1.12. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar an bParlaimint a iarraidh ar chuideachtaí digiteacha liosta de gach cineál sonraí úsáideora a bhailíonn siad ar na meáin shóisialta / na hardáin a phoibliú. I gcás nach gcuireann na cuideachtaí an liosta sin ar fáil dá ndeoin féin, ba cheart don Aontas reachtaíocht a rith chun na saoránaigh a chosaint.

1.13. Tá CESE á mholadh go n-áireofaí i reachtaíocht AE caibidil faoin tsaoirse rogha maidir le dearadh algartam. Ba cheart go mbeadh saoránaigh in ann toiliú le gnéithe de na halgartaim nó diúltú dóibh. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir cearta maoine intleachtúla na gcuideachtaí agus cearta bunúsacha na saoránach, ba cheart do na meáin shóisialta/na hardáin shóisialta uile roghanna algartamacha éagsúla a cheadú dá n-úsáideoirí. Ba cheart cead a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus d'institiúidí leasa shóisialta dearaí malartacha ar algartaim a mholadh do na líonraí/ na hardáin sin a d'fhéadfadh samhail dhifriúil a chur ar fáil i dtaca le heagar a chur ar shreafaí faisnéise, ar fhógraíocht agus ar bhailiú sonraí.

1.14. Iarrann CESE ar an gCoimisiún an fhadhb leanúnach a bhaineann le céannachtaí ionramháilte ar ardáin dhigiteacha a rialáil. Ba cheart ceanglas dlíthiúil a bheith ann botaí de bhunadh eachtrach a shainaithint agus botaí i mbréagriocht duine a shainaithint.

([4]) https://cmpf.eui.eu/media-pluralism-monitor-2023/.

([5]) Ar an mórgóir, sainmhínítear earraí poiblí mar sheirbhísí nó tráchtearraí atá ar fáil do gach duine sa tsochaí gan eisiamh. Áirítear orthu an cúram sláinte agus an t-oideachas (agus institiúidí tacaíochta), bóithre, soilsiú sráide agus páirceanna. Tá rochtain ag an uile shaoránach ar earraí poiblí agus/nó baineann siad tairbhe astu. I bhformhór na gcásanna, bíonn sé costasach earraí poiblí a tháirgeadh agus is beag an brabach a bhíonn i gceist. Cé nach iondúil go mbíonn brabach i gceist le soláthar earraí poiblí inrochtana, aithníonn an tsochaí ina hiomláine na tairbhí lena mbaineann agus is mór aici iad. https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000380618

1.15. Molann CESE don Choimisiún sraith coinníollacha a mholadh i dtaobh rochtain a fháil ar na meáin shóisialta agus ar ardáin dhigiteacha lena gcuirtear srian ar úsáid céannachtaí bréige, gan an ceart chun anaithnideachta agus an ceart chun cosanta do sceithirí, a ráthaítear sna dlíthe Eorpacha atá ann faoi láthair, a chur i mbaol. Is gá iarracht chuimsitheach a dhéanamh chun uirlisí um litearthacht sna meáin, um an gcultúr agus um an daonlathas a chur ar fáil ar gach leibhéal oideachais agus iad dírithe ar gach aoisghrúpa. San Fhionlainn, cuid lárnach den chóras oideachais ón naíscoil go dtí an ollscoil is ea uirlisí chun smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn. Fágann siad go bhfuil daoine óga ullamh chun gach foinse bréagaisnéise a chomhrac. Ba cheart córas den sórt sin a bheith i bhfeidhm ar fud an Aontais.

1.16. Tá sé á iarraidh ag CESE go ndéanfaí staidéar neamhspleách lena mbreathnófaí ar an méid brabaigh atá á dhéanamh de dheasca na bréagaisnéise sna meáin shóisialta agus ar ardáin dhigiteacha agus lena ndéanfaí anailís uirthi. Trí bhíthin dhlí an Aontais, ba cheart cosc a chur ar bhrabach a dhéanamh ar an ionramháil agus an fhuathchaint.

1.17. Meabhraíonn sé don Choimisiún Eorpach agus don Chomhairle gur toradh ar fhaillí pholaitiúil í an bhréagaisnéis chomh maith. Le blianta fada anuas, tá méadú seasta tagtha ar neamhionannais ioncaim, rachmais agus chríche agus, dá thoradh sin, tá an tsochaí ag cliseadh agus pobail atá ar leithligh ó chéile ag teacht chun cinn. Is láidre fós a dtuairimí de bharr úsáid a bheith á baint acu as a líonraí féin, agus é sin á threisiú fós toisc an úsáid a bheith á baint as a líonraí digiteacha sonracha féin. Na daoine leochaileacha a bhíonn thíos leis na forbairtí sin, is mó seans go rachadh cineálacha áirithe bréagaisnéise i bhfeidhm orthu. Tá EESC á mholadh go n-atreiseofaí beartais uile an Aontais chun déileáil leis an bhfadhb sin.

1.18. Tugann sé rabhadh d'údaráis na hEorpa maidir lena phráinní atá sé measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an andúil a chruthaíonn na meáin shóisialta agus na hardáin dhigiteacha i ngrúpaí leochaileacha dár sochaithe agus rialáil a dhéanamh ar an úsáid tráchtála neamhrialáilte a bhaintear as an intleacht shaorga agus as algartaim. Is tábhachtach an méid sin ionas nach gcuirfear na rioscaí sin in olcas.

2. **Réamhrá**

2.1. Is féidir an bhréagaisnéis a shainmhíniú mar fhaisnéis bhréagach, mhíchruinn nó mhíthreorach a chruthaítear d'aon ghnó agus a scaiptear chun an dallamullóg a chur ar an bpobal agus chun tionchar a imirt ar thuairimí an phobail. Is féidir an mhífhaisnéis a shainmhíniú mar fhaisnéis bhréagach nó mhíchruinn, lena n-áirítear ráflaí agus béadán a scaiptear gan rún mioscaise.

2.2. Is bagairt shuntasach í an bhréagaisnéis ar líne don daonlathas. Bíonn de thoradh uirthi go laghdaítear an mhuinín as institiúidí agus as na meáin agus go ndéantar dochar don daonlathas. Is i ngeall ar an mbréagaisnéis ar líne go gcreideann daoine áirithe i dteoiricí comhcheilge aisteacha.

Saincheisteanna atá ag teacht chun cinn

2.3. De bharr theacht chun cinn na hintleachta saorga, is ann do chineálacha nua bréagaisnéise agus mífhaisnéise de bharr úsáid a bheith á baint as táirgeadh, ionramháil agus modhnú saorga sonraí agus ilmheán trí mhodhanna uathoibrithe, algartaim intleachta saorga go háirithe, chun daoine a chur amú nó chun an bhrí bhunaidh a athrú.

2.4. Baineann domhainbhrionnuithe úsáid as teicnící cumhachtacha ón meaisínfhoghlaim agus ón intleacht shaorga chun ábhar amhairc agus fuaime a ionramháil agus a ghiniúint, rud a d'fhéadfadh na milliúin duine a chur amú d'aon ghnó trí bhréagnuacht, scéalta bréige agus calaois airgeadais a scaipeadh.

2.5. Is féidir uaireanta scéalta bréagaisnéise a chatagóiriú mar bhréagnuacht a úsáidtear chun críoch bolscaireachta agus a cheaptar d'aon ghnó chun daoine a chur ar míthreoir agus noirm dhaonlathacha a chur de dhroim seoil.

2.6. Is minic a bhaintear úsáid as an mbréagaisnéis chun míchlú a tharraingt ar dhearcthaí freasúracha trí mhíléiriú a dhéanamh d'aon ghnó agus trí theoiricí comhcheilge bréagacha a chur chun cinn.

2.7. Is é an chaoi is follasaí a ndéanann an bhréagaisnéis an díospóireacht dhaonlathach a shaobhadh agus an bonn a bhaint di ná a áitiú ar dhaoine rudaí nach bhfuil fíor a chreidiúint.

2.8. Ní feiniméin nua iad an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis. Tá athrú ó bhonn tagtha ar scaipeadh na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise de bharr na meán sóisialta.

2.9. Baintear úsáid as an mbréagaisnéis chun an bonn a bhaint de shláine agus d'inniúlacht sochaithe daonlathacha, na rialtas agus daoine poiblí.

Éifeachtaí polaitiúla

2.10. Tá an bhréagaisnéis ar cheann de na huirlisí riachtanacha atá ag cosantóirí réimeas uathlathach sa chath polaitiúil atá ann faoi láthair idir iad siúd agus cosantóirí an daonlathais agus na saoirse. Riamh anall i stair na cogaíochta, bhaineadh taobh amháin nó eile úsáid as an 'frithfhaisnéis', mar a thugtar uirthi, chun easaontú, laige nó amhras a chruthú i measc bhonn tacaíochta sóisialta a chéile comhraic.

2.11. Is cuid den loighic chéanna é an próiseas ollmhór bréagaisnéise atá ag tarlú i measc na réimeas daonlathach faoi láthair, próiseas ina n-úsáidtear an teicneolaíocht chumarsáide is forbartha dá bhfuil ann, agus tá an cuspóir céanna gabháil leis – an cath idir cosantóirí an daonlathais agus cosantóirí an uathlathais a bhuachan.

2.12. Tá an próiseas sin i gcoinne an daonlathais á chur i gcrích ag fórsaí atá i bhfad amach ar an eite dheis agus ag forsaí antoisceacha eile. An chontúirt atá ann faoi láthair do dhaonlathais liobrálacha, is iad na daoine sin a léiríonn drochmheas ar an gcaidreamh idirnáisiúnta atá á rialú ag Cairt na Náisiún Aontaithe, ar chearta an duine, ar lánpháirtiú na hEorpa, ar an stát leasa agus ar choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair. Bhí tionchar ag na gníomhaithe sin, a fhaigheann tacaíocht ó stáit uathlathacha uaireanta, ar thoghcháin dhaonlathacha agus bhí iarmhairtí diúltacha ann dá bharr sin.

2.13. Dá bhrí sin, tá an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise ar na cinn is tábhachtaí sa chath atá á fhearadh faoi láthair idir cosantóirí na saoirse agus an daonlathais agus fórsaí polaitiúla an uathlathais. Sa chomhthéacs sin, má tá an bua chun bheith ag an daonlathas, tá gníomhaíocht dhiongbháilte ag teastáil, maille le hacmhainní an-suntasach.

Cur i gcoinne na bréagaisnéise

2.14. Ionas gur féidir leo an bhagairt sin ón mbréagaisnéis a chomhrac, ní mór do stáit dhaonlathacha tacú go láidir le straitéisí um litearthacht sna meáin atá in ann na saoránaigh, agus daoine óga agus daoine scothaosta go háirithe, a chumhachtú trí uirlisí a chur ar fáil dóibh chun gur féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir faisnéis atá bunaithe ar fhianaise eimpíreach agus teoiricí comhcheilge a bhaineann an bonn de mhuinín an phobail.

2.15. Tá daonlathais ar fud an domhain ag tabhairt aghaidh ar mhaidhm bréagaisnéise agus oibríochtaí trasnaíochta eachtraí, a d'fhéadfadh institiúidí daonlathacha a dhíchobhsú agus deighiltí sa tsochaí a ghéarú, agus díobháil a dhéanamh dá chionn sin don mhuinín atá ag na saoránaigh as institiúidí daonlathacha.

2.16. Cruthaíonn drochghníomhaithe céannacht bhréagach ar na meáin shóisialta chun díriú ar ghrúpaí áirithe (e.g. grúpaí ciníocha ar leith nó daoine a bhfuil gnéaschlaonadh ar leith acu) agus deighiltí sóisialta agus coinbhleacht shóisialta a chruthú.

2.17. Is minic a úsáideann troill forrántacht chainte agus fuathchaint, ag baint úsáid as teanga chiníoch nó fhrithbhanda chun suaitheadh agus polarú a dhéanamh d'aon ghnó sa phróiseas daonlathach.

2.18. I suirbhé Eorabharaiméadair (2018) dúirt 83 % de na freagróirí gur baol don daonlathas í an bhréagnuacht agus go raibh imní ar leith orthu faoin mbréagaisnéis a bhí dírithe ar thionchar a imirt ar thoghcháin agus ar bheartais inimirce.

2.19. Is fadhb thromchúiseach í an bhréagaisnéis a mbíonn gach mionlach thíos leis i roinnt mhaith Ballstát.

2.20. Is é is aidhm do chuid mhór den bhréagaisnéis cur le tuairimí idé-eolaíocha daoine agus grúpaí. Leis an rianú forleathan a dhéantar ar stair chuardaigh idirlín daoine aonair, cuirtear ar chumas na soláthróirí bréagaisnéise roghanna agus tuairimí daoine a shainaithint.

2.21. Is féidir le rialtais bréagaisnéis a scaipeadh chomh maith. Bhí feachtas bréagaisnéise ar bun ag rialtas na Rúise sa chogadh i gcoinne na hÚcráine. Na teoiricí comhcheilge a bhí i dtaobh phaindéim COVID-19 agus an ionramháil faisnéise a tharla le linn reifreann Brexit, is léiriú iad ar iarmhairtí na bréagaisnéise agus na n-insintí bréagacha a mbíonn laghdú forleathan muiníne in institiúidí daonlathacha mar thoradh orthu.

2.22. Sna Stáit Aontaithe, bhí an bhréagaisnéis a chuir Donald Trump chun cinn i dtaobh thoghcháin 2020, nuair a mhaígh sé gur goideadh an toghchán uaidh, ina chúis le mífheidhmiú tromchúiseach polaitiúil.

2.23. Níor éirigh leis na hardáin shóisialta iad féin, ná leis na comhlachtaí éagsúla rialála, an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis ar líne a rialú. Molann EESC don Choimisiún staidéar a dhéanamh ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht reachtach a dhéanamh.

3. **Tuairimí ginearálta**

3.1. Tá dúshláin mhóra roimh an daonlathas san Aontas, idir an méadú ar an antoisceachas, an cur isteach ar thoghcháin agus bhagairtí hibrideacha, agus nithe eile nach iad.

3.2. Feidhmíonn an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO), rud is gá a neartú, mar mhol do sheiceálaithe fíricí, d'acadóirí agus do gheallsealbhóirí gaolmhara eile, agus tá sí neamhspleách ar údaráis phoiblí, lena n-áirítear an Coimisiún. Is é is aidhm di feabhas a chur ar bhrath na bréagaisnéise ar líne agus na saoránaigh a chumhachtú chun gníomhú i leith na bréagaisnéise ar líne.

3.3. In 2020, sheol an tAontas an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus in 2023 thionscain sé pacáiste um Chosaint an Daonlathais mar bheart leantach.

3.4. Is é príomhchuspóir na dtograí sin acmhainneacht a fhorbairt sna Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí do thoghcháin, ar an mbréagaisnéis agus ar chibearbhagairtí.

3.5. Tá feidhm ag an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) maidir le hardáin shóisialta an-mhór ó mhí Lúnasa 2023 i leith agus beidh feidhm aige maidir le gach ardán ó Fheabhra 2024 ar aghaidh. Cosnaíonn an Gníomh sin tomhaltóirí agus a gcearta bunúsacha ar líne trí rialacha soiléire comhréireacha a leagan síos. Is é is aidhm dó maolú a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha amhail ionramháil sonraí nó bréagaisnéis.

3.6. Is iarracht dhearfach ag an gCoimisiún é an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán freisin chun iolrachas na meán agus an tsaoráil faisnéise a rialáil tráth a bhfuil géarchéim shamhail ghnó na meán ag bagairt ar an iriseoireacht agus ar a modh chun fíricí a fhíorú. Saoirse eagarthóireachta iriseoirí a chosaint, a gceart rochtana ar fhoinsí faisnéise a chosaint, a sláine a chosaint agus a sábháilteacht a áirithiú, is gnéithe riachtanacha iad sin de chosaint na saoirse faisnéise nach mór don Aontas Eorpach a áirithiú i gcónaí.

3.7. Ba cheart an iriseoireacht neamhsrianta neamhspleách a dhearbhú mar leas poiblí Eorpach, i bhfianaise a thábhachtaí atá sí sa díospóireacht phoiblí oscailte agus chun gur féidir le daoine roghanna eolasacha a dhéanamh.

3.8. Dar le CESE gur forbairtí dearfacha iad na tograí sin go léir mar iarracht chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis. Níl sé cinnte, áfach, an leor de réiteach ar an bhfadhb iad.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. *I ndáil le Meáin Seirbhíse Poiblí*

4.1.1. Tá 'tuairim chomhchoiteann phoiblí' fós in easnamh ar an Aontas Eorpach, a d'fhéadfadh a bheith ina creat don díospóireacht chomhchoiteann i dtaobh na mbeartas a bhfuil tionchar acu ar na Ballstáit uile. Dá uireasa sin, tá an tionscadal Eorpach leochaileach i leith chlaontachtaí an náisiúnachais. Ba cheart é a bheith ar cheann de na spriocanna atá againn don todhchaí forbairt a dhéanamh ar dhíospóireacht phoiblí atá láidir, coiteann agus trédhearcach agus lena seachnaítear steiréitíopaí. Mar an gcéad chéim ina leith sin, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do chainéil faisnéise uile-Eorpacha agus ilteangacha.

4.1.2. Tá mórthábhacht leis na Meáin Seirbhíse Poiblí. Ní mór iad a mhaoiniú go poiblí agus a bheith neamhspleách ar rialtas an lae. D'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag baint leis sin i gcás réimis fhorlámhacha. Is gá freisin meáin neamhspleácha a bheith ann chun cothromaíocht a áirithiú sa tráchtaireacht phoiblí agus i dtaobh saincheisteanna polaitiúla. Tá ról le comhlíonadh ag na meáin sheanbhunaithe freisin.

4.2. *I ndáil le rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise*

4.2.1. Tá an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis dírithe go háirithe ar dhaoine a bhraitheann scoite amach ón tsochaí. Ní mór sochaí níos córa agus níos cothroime a thógáil ina mbraitheann daoine gur cuid d'fhíorphobal iad, agus an deighilt shóisialta agus eacnamaíoch sa tsochaí a laghdú.

4.2.2. Tá CESE ar aon intinn leis an gCoimisiún gur gá d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear CESE, a bheith rannpháirteach go gníomhach chun freagairt chuimsitheach a thabhairt ar an mbréagaisnéis.

4.2.3. I bhfianaise thionchar fíordhiúltach tubaisteach na mífhaisnéise ar shochaí shibhialta na hEorpa, glacfaidh CESE páirt ar bhonn leanúnach san obair atá dírithe ar ghníomhú i gcoinne an tionchair sin. Iarrfaidh CESE ar choistí eacnamaíocha agus sóisialta uile na mBallstát páirt ghníomhach a ghlacadh san iarracht sin ar son an daonlathais agus i gcoinne na bréagaisnéise.

4.3. *I ndáil le hardáin agus algartaim*

4.3.1. Níl dóthain gníomhaíochta á déanamh ag ardáin na meán sóisialta chun deireadh a chur leis an mbréagaisnéis. Tá roinnt réimsí rialála ann nach mór breithniú a dhéanamh orthu.

4.3.2. Ní mór iallach a chur ar chuideachtaí na meán sóisialta faisnéis chruinn a phostáil i dtaobh urraitheoirí fógrán. Ba cheart breis rialála a dhéanamh ar fhógraíocht spriocdhírithe freisin.

4.3.3. Ba cheart do na meáin shóisialta agus do na hardáin shóisialta toiliú feasach a fháil óna n-úsáideoirí maidir le bailiú sonraí. Ba cheart do na húdaráis féachaint ar bhailiú sonraí pearsanta ag na meáin shóisialta agus ag na hardáin dhigiteacha, gan toiliú feasach a n-úsáideoirí, mar fhadhb dhlíthiúil. Ba cheart do chuideachtaí digiteacha liosta de na sonraí úsáideora go léir a bhailíonn na meáin shóisialta agus na hardáin shóisialta a chur ar fáil go poiblí.

4.3.4. Ba cheart na saoránaigh a bheith in ann freisin toiliú le gnéithe d'algartaim nó diúltú dóibh. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir cearta maoine intleachtúla na gcuideachtaí agus cearta bunúsacha na saoránach, ba cheart do na hardáin shóisialta uile roghanna algartamacha éagsúla a chur ar fáil dá n-úsáideoirí. Ba cheart cead a thabhairt d'institiúidí leasa shóisialta dearaí malartacha ar algartaim a mholadh do na hardáin a d'fhéadfadh samhail dhifriúil a chur ar fáil i dtaca le heagar a chur ar shreafaí faisnéise agus ar bhailiú sonraí.

4.3.5. Ba cheart ceanglas dlíthiúil a bheith ann botaí de bhunadh eachtrach agus botaí i mbréagriocht duine a shainaithint. Is den fhíorthábhacht cuntais bhréige agus aithriseoirí a bhaint.

4.3.6. Níor cheart cuntais anaithnide ar líne a cheadú, ach amháin i gcásanna ina ráthaítear cearta bunúsacha amhail an ceart chun saoil phríobháidigh agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint i gcomhréir le léirmhíniú dlíthe Eorpacha a dtugann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breith orthu.

4.3.7. Níor cheart d'úsáideoirí na n-ardán digiteach a bheith i dteideal próifílí faoi ainm bréige/anaithnid a úsáid ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear sa reachtaíocht reatha, amhail an Treoir maidir le Sceithirí.

4.3.8. Mar bheart trédhearcachta, ba cheart machnamh a dhéanamh ar chóras sínithe isteach ar líne chun rochtain a fháil ar chuid den idirlíon nó ar an idirlíon ar fad. Níor cheart ach do dhaoine sainaitheanta rochtain a bheith acu ar chuntais meán sóisialta.

4.3.9. Ba cheart do gach ardán digiteach rialacha logála isteach atá sábháilte agus trédhearcach a chur ar fáil ionas nach bhfuil ach aon phróifíl amháin ag duine/eagraíocht/institiúid amháin.

4.4. *I ndail le bagairtí hibrideacha*

4.4.1. Tá bagairtí hibrideacha ag éirí níos sofaisticiúla agus is deacair fós iad a bhrath toisc go n-úsáideann siad cineálacha éagsúla uirlisí agus gníomhaíochtaí eagraíochtúla.

4.4.2. De réir Chill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, (a bunaíodh laistigh de SEGS in 2016) is iad na bagairtí hibrideacha ón Rúis na bagairtí is contúirtí, toisc iad a bheith córasach, cuid mhór acmhainní a bheith curtha ar fáil dóibh agus iad ar scála eile ar fad i gcomparáid le tíortha eile.

4.4.3. Sa Chompás Straitéiseach, a ghlac an tAontas i mí an Mhárta 2022, leagtar amach plean gníomhaíochta chun beartas slándála agus cosanta an Aontais a neartú faoi 2030. Ar cheann de na gnéithe a bhaineann leis tá forbairt bosca uirlisí chun gníomhú i gcoinne bagairtí FIMI.

4.5. *I ndáil le héifeachtúlacht sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise*

4.5.1. Tá an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise ríthábhachtach don daonlathas, don smacht reachta agus don tsaoirse vótála.

4.5.2. Tá difríochtaí ann, áfach, idir an leas poiblí agus an leas príobháideach atá i gceist. Tá an dá rud sin ríthábhachtach sa chomhrac seo. Níor cheart tús áite a thabhairt do leasanna príobháideacha ar leasanna poiblí, áfach.

4.5.3. Tá na modhanna teicneolaíochta uile chun an bhréagaisnéis a chomhrac ag na cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí ar líne agus ag na meáin shóisialta cheana féin.

4.5.4. Molann CESE don Choimisiún agus do na Ballstáit straitéis chomhleanúnach a shainiú, lena ndéanfar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an smacht reachta a chosaint, acmhainní agus cineálacha cur chuige éifeachtúla a fhorbairt maidir le gnéithe éagsúla na faidhbe.

4.5.5. Tá prótacail, coimircí agus modhanna faoi leith ag baint leis an mbréagaisnéis, le bagairtí hibrideacha agus leis an gcibearshlándáil. Mar sin féin, tá gá le straitéis dhea-fhorbartha san Aontas más uainn toradh éifeachtúil a bhaint amach.

4.5.6. San Fhionlainn, cuid lárnach den chóras oideachais ón naíscoil go dtí an ollscoil is ea uirlisí chun smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn. Fágann siad go bhfuil daoine óga ullamh chun gach foinse bréagaisnéise a chomhrac. Ba cheart córas den sórt sin a bheith i bhfeidhm ar fud an Aontais.

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE